Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**14386/21**
**ADD 3**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0375(COD)**

**AG 111**
**INST 422**
**PE 114**
**FIN 931**
**DATAPROTECT 272**
**CODEC 1554**
**DISINFO 39**
**FREMP 280**
**IA 198**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Samhain 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 14388/21 - COM(2021) 734 final - SEC(2021)577 final - SWD(2021)359 final |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 360 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (athmhúnlú)<br>– Achoimre feidhmiúcháin ar an tuarascáil ar an measúnú tionchair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 360 final.

Faoi iamh: SWD(2021) 360 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2021
SWD(2021) 360 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (athmhúnlú)**

{COM(2021) 734 final} - {SEC(2021) 577 final} - {SWD(2021) 359 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar an athbhreithniú ar Rialachán 1141/2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Is éard is páirtithe polaitiúla Eorpacha ann comhaontais páirtithe trasnáisiúnta arb é is cuspóir dóibh 'rannchuidiú le feasacht pholaitiúil Eorpach a fhoirmiú' agus 'toil pholaitiúil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl' (Airteagal 10(4) CAE). Rialaítear a reacht agus a gcistiú le Rialachán Uimh. 1141/2014. Cé gur leasaíodh an Rialachán faoi dhó roimh thoghcháin Eorpacha 2019, d'fhéadfaí feabhas a chur ar na nithe seo a leanas:<br>- forálacha maidir le cistiú<br>- Luachanna an Aontais, an daonlathas agus trédhearcacht<br>- forfheidhmiú agus an t-ualach riaracháin. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an athbhreithnithe:<br>1. Feabhas a chur ar an gcreat reachtach a chuireann ar a gcumas do pháirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a misean a chomhlíonadh maidir le feasacht pholaitiúil Eorpach a fhoirmiú trí na prionsabail dhaonlathacha a leagtar síos in Airteagal 10 CAE a áirithiú.<br>2. A áirithiú go gcomhlíonfaidh páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha luachanna an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE ar leibhéal níos airde.<br>3. Bainistíocht fhónta airgeadais na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a áirithiú ar bhealach níos fearr, forfheidhmiú iomchuí an Rialacháin a áirithiú agus leibhéal an ualaigh riaracháin a laghdú. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Is é is bunús dlí an tionscnaimh Airteagal 224 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) lena bhforáiltear go 'leagfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle síos, ag gníomhú dóibh trí bhíthin rialachán i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, reacht na bpáirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 10(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe na rialacha maidir lena maoiniú'.<br><br>Ós rud é go ndearnadh foráil sa Chonradh maidir le rialacha a bhunú lena rialaítear páirtithe polaitiúla Eorpacha trí bhíthin rialacháin, ní mór aon athrú ar na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair a bhunú ar leibhéal an Aontais agus Airteagal 224 CFAE á chur i bhfeidhm. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?** |
| Is é an cás bunlíne (rogha 1) an *status quo* a choinneáil ar bun agus gan athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán Uimh. 1141/2014 arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) 2019/493. Mar sin féin, fágann an rogha bheartais sin na fadhbanna a sainaithníodh thuas gan réiteach agus d'fhéadfadh sé nach |

mbeadh sé oiriúnach maidir le forbairtí amach anseo.

Díríonn rogha 2 ar an athbhreithniú ar na forálacha cistiúcháin sa Rialachán. Tá an rogha sin ailínithe go docht leis an ngealltanas a rinne an tUachtarán von der Leyen ina treoirlínte polaitiúla tograí reachtacha a chur ar aghaidh faoin bplean gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach chun trédhearcacht níos fearr a áirithiú maidir le fógraíocht pholaitiúil ar íocaíocht agus rialacha níos soiléire a áirithiú maidir le maoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha[1]. Chuirfeadh an rogha sin feabhas ar inmharthanacht airgeadais na bpáirtithe agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, chruthófaí coimircí breise ar thrasnaíocht eachtrach trí thabhartais, agus cheadófaí do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha dul i mbun caidrimh níos fóintí le páirtithe comhalta atá ar aon intinn leo ó thíortha nach bhfuil san Aontas.

Téann rogha 3 níos faide ná an t-athbhreithniú ar na forálacha cistiúcháin amháin agus cuirtear codanna eile de théacs an Rialacháin san áireamh freisin, ar codanna iad a thairbheodh d'fheabhsú spriocdhírithe, de réir anailís an Choimisiúin agus an ionchuir a fuarthas ó pháirtithe leasmhara. Mar aon leis na forálacha cistiúcháin a athbhreithniú, áirítear sa rogha sin an t-ualach riaracháin a laghdú, forfheidhmiú agus an córas smachtbhannaí a neartú, an sásra fíorúcháin le haghaidh luachanna an Aontais a oibríochtú agus comhionannas inscne a chur chun cinn.

Moltar sa mheasúnú tionchair dul le rogha 3, mar is fearr an rogha sin maidir le cuspóirí ginearálta an athbhreithnithe.

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?**

Chomhaontaigh páirtithe polaitiúla Eorpacha, fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, an tÚdarás um páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa gur thug Rialachán Uimh. 1141/2014 creat dlíthiúil atá úsáideach dá ngníomhaíochtaí agus nár ghá ollchóiriú a dhéanamh ar an gcóras a cruthaíodh. Le linn na gcomhairliúchán neamhfhoirmiúil, áfach, chuir siad an Coimisiún ar an eolas faoi roinnt easnamh agus bealaí éalaithe.

Deimhníodh na barúlacha sin sa dréacht-tuarascáil an Choiste um Ghnóthaí Bunreachtúla de chuid Pharlaimint na hEorpa (AFCO).

D'eagraigh an Coimisiún comhairliúchán poiblí oscailte freisin idir an 30 Márta 2021 agus an 22 Meitheamh 2021. I measc na bhfreagróirí bhí saoránaigh an Aontais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, na Ballstáit, eagraíocht taighde, cuideachta phríobháideach agus eagraíochtaí eile. Cé gur mheas formhór na bhfreagróirí go raibh Rialachán Uimh. 1141/2014 úsáideach nó an-úsáideach, mheas siad nach raibh easpa infheictheachta ag baint le páirtithe polaitiúla Eorpacha agus nach raibh sé d'acmhainn acu a misean bunreachtúil a chomhlíonadh.

Ina theannta sin, bain an Coimisiún leas as an aiseolas a fuarthas ón gcomhairliúchán poiblí oscailte maidir leis an bplean gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach (idir an 15 Iúil 2020 agus an 15 Meán Fómhair 2020) inar léiríodh tacaíocht leathan do raon feidhme an athbhreithnithe ar Rialachán Uimh. 1141/2014, agus aird ar leith á tabhairt ar níos mó trédhearcachta i ndáil le maoiniú agus leis an gcleamhnacht idir an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal Eorpach.

Ghlac an Coimisiún páirt freisin i gcleachtadh for-rochtana fadréimseach leis na comhreachtóirí, go háirithe trí ionadaithe na mBallstát sa Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta de chuid na Comhairle agus trí

[1] https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/political-guidelines-next-commission_en_0.pdf

Chomhaltaí AFCO agus trí chomhordaitheoirí grúpaí polaitiúla sa Pharlaimint.

Le linn na gcomhairliúchán neamhfhoirmiúil agus foirmiúil sin, chuir na páirtithe leasmhara in iúl go dtacaíonn siad leis an athbhreithniú ar an reachtaíocht trí leasuithe spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna uile a sainaithníodh.

**C. Tionchar na rogha tosaíochta**

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Is í rogha 3 an rogha thosaíochta, toisc go dtéann sí i ngleic leis na fadhbanna uile a sainaithníodh ar bhealach cuimsitheach agus go n-áirithítear léi an tionchar dearfach is mó is féidir ar na grúpaí páirtithe leasmhara uile. Na bearta a bheartaítear faoin rogha bheartais seo atá beartaithe, is iad is fearr a chomhlíonfadh cuspóirí ginearálta an athbhreithnithe. Áirítear ann meascán de bhearta arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar na bealaí éalaithe atá fágtha sna forálacha cistiúcháin, ar luachanna an Aontais, an daonlathas agus trédhearcacht a chur chun cinn, ar fhorfheidhmiú a neartú agus ar an ualach riaracháin a mhaolú, agus ar an gcaoi sin cuideofar leis na páirtithe agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a misean bunreachtúil a chomhlíonadh.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Bearta éagsúla arb é is aidhm dóibh an córas tuairiscithe airgeadais le haghaidh páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a chomhdhlúthú, d'fhéadfaidís éirí níos casta ó thaobh a gcomhtháthaithe de. Dhéanfaí an t-ualach riaracháin tosaigh sin a fhritháireamh, áfach, trí dheireadh a chur leis an gcóras cuntasaíochta dúbailte atá sa Rialachán faoi láthair.

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

Gan aon tionchar suntasach. I ngeall ar an gcineál sonrach a bhaineann leis an Rialachán, is é sin go mbíonn tionchar díreach aige ar 20 eagraíocht (10 bpáirtí polaitiúil Eorpach agus a 10 bhfondúireacht polaitiúil Eorpach chleamhnaithe), ar an Údarás um páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpach agus ar an Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa, is beag tionchar a bheidh ag na roghanna beartais ar an gcomhshaol, ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Ditto. Féach thuas.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Díríonn an measúnú tionchair ar thionchar na roghanna i réimse na gceart bunúsach agus an daonlathais, is é sin ról níos láidre do na páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, lena a gcuidítear le spás daonlathach Eorpach a chruthú. An tráth céanna, bheadh na páirtithe agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha faoi réir bainistíocht airgeadais níos fónta agus trédhearcacht mhéadaithe, rud a rachadh chun tairbhe vótálaithe an Aontais ar deireadh agus a ligfeadh dóibh rogha níos eolaí a dhéanamh roimh na toghcháin Eorpacha.

**Comhréireacht?**

Tá an togra comhréireach, toisc nach bhfuil ollchóiriú iomlán ar an gcóras i gceist leis, ach go ndíríonn sé ar na bealaí éalaithe atá fágtha agus orthu siúd amháin, tar éis an dá athbhreithniú a rinneadh roimhe seo ar

| |
|---|
| an Rialachán sin, mar a shainaithin na príomhpháirtithe leasmhara. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| In Airteagal 38 den Rialachán, tá clásal maidir le hathbhreithniú lena sonraítear nach mór do Pharlaimint na hEorpa tuarascáil a fhoilsiú gach 5 bliana maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, tar éis di dul i gcomhairle leis an Údarás um páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpach. Ní mór a léiriú sa tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí, aon leasú atá le déanamh ar na córais reachta agus chistiúcháin.<br>6 mhí ar a dhéanaí tar éis fhoilsiú na tuarascála ón bParlaimint, ní mór don Choimisiún a thuarascáil féin ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur i láthair. Más iomchuí, d’fhéadfadh togra reachtach a bheith ag gabháil leis an tuarascáil sin chun an Rialachán a leasú tuilleadh. |